**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000070/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Jytte Guteland**, **Sara Cerdas**
thar ceann Ghrúpa S&D

Ábhar: Plean gníomhaíochta AE maidir le galair neamhchoitianta

Cé go ndearnadh dul chun cinn ollmhór leis na beartais le fiche bliain anuas d'othair a bhfuil galar neamhchoitianta orthu, tá a bhformhór as dáta anois.

Tá ardleibhéal riachtanas fós le sárú ag an 30 milliún duine a bhfuil galar neamhchoitianta orthu in AE. Bíonn fanacht 5 bliana ar an meán orthu chun diagnóis a fháil agus, nuair a dhéantar diagnóisiú orthu, ní bhíonn cóiréalacha ar fáil ach do 6 % de na galair neamhchoitianta aitheanta. Bíonn tionchar díréireach ag ualaí síceolaíocha, airgeadais agus sóisialta ar othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu.

Ó tugadh isteach beartas uileghabhálach deireanach AE maidir le galair neamhchoitianta in 2009, tá feabhas curtha ag na forbairtí teicneolaíocha agus eolaíocha ar an gcaoi ina ndéanaimid galair neamhchoitianta a dhiagnóisiú agus a chóireáil agus ina ndéanaimid cúram a thabhairt d'othair atá ag fulaingt leo, rud a fhágann go bhfuil na beartais as dáta, mura bhfuil siad imithe in éag cheana féin.

I staidéar réamhfhéachana Rare 2030 ó mhí Feabhra 2021 arna chistiú ag AE, maidir lena bhfuil i ndán don bheartas maidir le galair neamhchoitianta, iarrtar go ndéanfar creat beartais nua a chur i gcrích i gcás galair neamhchoitianta. Ina theannta sin, moladh i dtuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí in 2019 go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar straitéis AE maidir le galair neamhchoitianta agus i dtaobh an bhfuil gá leis an straitéis 'a nuashonrú, a chur in oiriúint nó a ionadú faoi 2023'. Rinne an Pharlaimint an iarraidh chéanna sin a chur in iúl go forleathan i rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le straitéis sláinte poiblí AE i ndiaidh COVID-19.

I bhfianaise an mhéid sin:

1. Cén plean atá ag an gCoimisiún chun moltaí staidéar réamhfhéachana Rare 2030 a chur chun feidhme?

2. Cén uair atá sé ar intinn aige an t-athbhreithniú atá molta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascáil in 2019 a dhéanamh?

3. An dtabharfaidh sé isteach plean gníomhaíochta AE do ghalair neamhchoitianta faoi 2023 i bhfoirm plean cuimsitheach ina mbeidh bearta agus spriocanna, ionas nach bhfágfar chun deiridh aon duine a bhfuil galar neamhchoitianta air nó uirthi?

Curtha síos: 19.10.2021

Spriocdháta i gcomhair freagra: 20.1.2022